# Food Dudes Spraoi sa Bhaile

## Dúshlán – bia a bhlaiseadh agus triail a bhaint as

Ar Spraoi sa Bhaile leis na Food Dudes an tseachtain seo táimid ag foghlaim faoin tábhacht a bhaineann le bia a bhlaiseadh agus triail a bhaint as go bhfeice tú an dtaitneoidh sé leat. Tá a fhios ag na Food Dudes cé chomh tábhachtach is atá sé bia a bhlaiseadh a lán uaireanta le go dtaitneoidh sé leat. Uaireanta bíonn ort rud a bhlaiseadh níos mó ná DEICH n-uaire sula dtaitneoidh sé leat! Uaireanta, déanaimid breithiúnas ar an mbia lenár súile seachas lenár mblaslóga. Cé go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cuma dheas dhathannach shláintiúil ar an mbia a ithimid, uaireanta ní bheidh cuma fhoirfe air ach beidh sé fós blasta! An tseachtain seo, tá gníomhaíocht speisialta againn chun cineálacha éagsúla bia a bhlaiseadh agus triail a bhaint astu.

Tá gníomhaíocht na seachtaine seo bunaithe ar do bhlaslóga. Ligfidh an tástáil dóibh na príomhbhlasanna a aithint: milis, goirt, searbh agus géar.

### Tástáil bhlais:

- ✔ Leag amach stáisiún tástála chun cabhrú le do pháiste díriú go hiomlán ar an mblas. Tóg gach rud ó bhord agus cuir éadach boird bán air.
- ✔ Cuir smailcíní de gach bia i raimicíní nó ar phlátaí beaga nó ar thráidire muifíní.
- ✔ Iarr ar do pháiste a súile a dhúnadh nó iad a chlúdach le púicín agus cabhraigh leo suí chun boird. Déan cinnte de nach bhfeiceann siad an bia roimh ré!
- ✔ Tabhair seans do do pháiste triail a bhaint as gach cineál bia agus na blasanna, na huigeachtaí agus na bolaithe a thabhairt faoi deara, agus cuir ceist orthu cé acu blasanna a aithníonn siad.
- ✔ Cuir plé ar bun ina dhiaidh agus faigh amach an raibh sé deacair roinnt cineálacha bia a dhéanamh amach, céard ba mhó a thaitin leo, cén fáth nár bhain siad taitneamh as cineál áirithe bia, etc.
- ✔ Nuair atá triail bainte acu as gach cineál bia, iarr orthu an tábla thíos a líonadh ag deireadh an chluiche.



# Dúshlán – bia a bhlaiseadh agus triail a bhaint as

food dudes
Spraoi sa Bhaile

| BIA A BLAISEADH | Blas | Uigeacht | Dath | Radharc | Fuaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |


Bain úsáid as cuid de na focail sa bhosca chun cur síos a dhéanamh ar chuid de na cineálacha bia a bhlais tú i gcaitheamh an chluiche!

Milis
Súmhar
Searbh
Gan síolta
Úr
Goirt
Na clocha ann
Cruinn
Briosc
Céiriúil
Réamhaibí
An-bhlasta
Dearg
Teann
Geal
Bog
Bog
Glas
Cumhra
Buí
Blas an chraicinn air
Fionnuar
Gan bhlas
Na clocha bainte as
Láidir
Crua
Blasta
Duilleach
Feolmhar
Mín

# Crosfhocal – bia a bhlaiseadh agus triail a bhaint as

Food dudes
Spraoi sa Bhaile

Déan iarracht an crosfhocal seo a dhéanamh go bhfeice tú cé mhéad a gcuimhníonn tú air ó Spraoi sa Bhaile leis na Food Dudes le cúpla seachtain anuas.




## Trasna

5. Caor dhearg shúmhar a fhásann in Éirinn, tá síolta ar an taobh amuigh di
7. Toradh dearg nach mbeadh i sailéad torthaí ach a d'fhéadfadh a bheith i gceapaire
9. Glasra atá briosc, oráiste agus go maith do radharc na súl

## Síos

1. Blas nach bhfuil milis, tá an blas seo ar líomóidí
2. Nuair a líonann toradh nó glasra do bhéal le leacht, is féidir a rá go bhfuil sé ______
3. Glasra milis an-bhlasta a fhásann sa dias
4. Clúmhach ar an taobh amuigh, glas ar an taobh istigh le síolta dubha
5. Béile ina bhfuil meascán de ghlasraí úra gearrtha. Bíonn blastán air uaireanta, cuir i gcás Caesar nó balsamach
6. Fásann sé seo in Éirinn. Is féidir leis a bheith bruite, rósta nó brúite
8. Is aoibhinn le moncaithe agus giollaí an toradh seo